BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

**SONRAÍ AN DUINE**
**PRÍOMHOIDE**

**Critéir Riachtanacha:**

Le cáiliú do cheapachán ní mór d'iarrthóirí:

- Cáilíochtaí Iarmhúinteoireachta a bheith acu, aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, le múineadh i scoil dara-leibhéal faoi mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Cúig bliana sheirbhís múinteoireachta lán-aimseartha sásúil, nó a chomhionann, a bheith acu.
- A bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**Lárchumais Riachtanacha:**

- **Ceannaire – Múinteoireacht agus Foghlaim**
  Tuigeann sé/sí go bhfuil ardchaighdeán múinteoireachta agus foghlama mar bhunghnó na scoile agus léiríonn sé/sí na scileanna atá riachtanach le bheith ina c(h)eannaire ar mhodhanna teagaisc.

- **Ceannaire – Forbairt na Scoile**
  Léirítear an cumas dearcadh leathan fadtéarmach a thógáil ar na riachtanais atá ag teastáil chun aidhmeanna agus cuspóirí na scoile a chur i gcrích.

- **Ceannaire – Daoine agus Foirne**
  Léirítear an toilteanas agus an cumas daoine agus foirne a fhorbairt i measc phobal na scoile, agus ceannaireacht a dháileadh ar na foirne agus ar na daoine sin.

- **Cumarsáid**
  An cumas dearcadh, tuairimí agus meon a léiriú go soiléir, trí ghaol éifeachtach, oiriúnach agus tuisceanach a bheith ann leis na páirtithe leasmhara go léir i suíomhanna agus i gcomhthéacsanna difriúla.

- **Bainistiú Eagraíochta agus Scileanna Riaracháin**
  Úsáidtear réimse acmhainní, tacaíochtaí agus próiseas chun reáchtáil éifeachtach na scoile a chinntiú.

- **Féin-tuiscint agus Féin-Bhainistiú**
  Tuiscint mhaith air/uirthi féin agus an cumas é/í féin a bhainistiú, agus forbairt go pearsanta agus go gairmiúil.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

**Beidh an té a cheapfar:**:

- Ina c(h)eannaire, tiomanta don chaighdeán is airde oideachais, riaracháin agus rialachais a chur ar fáil
- Paiseanta faoi chúrsaí oideachais
- Láidir ó thaobh scileanna eagraíochta agus bainistiú daoine
- Ina d(h)uine le fís, agus le taithí ar thionscnaimh a thabhairt chun críche trí úsáid obair foirne
- Coinsiasach i leith an phobail, agus eolas aige/aici ar ról na scoile sa phobal áitiúil.

**Is scoil dara leibhéal lán-Ghaelach é Coláiste Ráithín, agus múintear na hábhair go léir ann trí mheán na Gaeilge. Mar sin, glactar leis go mbeidh na hiarratasóirí go léir lán-ábalta in úsáid na Gaeilge, agus lán-toilteanach feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Caithfear an riachtanas maidir le cumas sa Ghaeilge a bhaint amach chun a bheith incháilithe don ról seo. Déanfar leibhéal an chumais seo a mheas ag an agallamh.**